

## 1.02 Triail Inniúlachta Mhatamaitice

Ainm:

Rang:

Dáta:

- I gcás na gceisteanna ilroghnacha, léirigh do fhreagra trí chiorcal a chur thart ar an litir a roghnaíonn tú.
- Ná roghnaigh ach freagra **amháin** do gach ceist.
- Má dhéanann tú botún agus más mian leat do fhreagra a athrú, cuir lúbíní [ ] thart ar an bhfreagra mícheart, le do thoil, agus cuir ciorcal thart ar do fhreagra athbhreithnithe.
- Ní cheadaítear úsáid a bhaint as áireamháin.
- Taispeáin **DO CHUID OIBRE IOMLÁN** i gcás gach ceiste sa spás a chuirtear ar fáil chuige sin.

**Ceist 1.** Comhlánaigh na habairtí comhionannais a leanas, ag baint úsáide as **slánuimhreacha**.


(i)  $17 + 3 = \square + 4$

(ii)  $17 + 3 = \square + \square + 4$

(iii)  $17 + 3 = \square + \square + 26$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 2.** Léirítear an chéad trí chéim de phatrún thíos. Is é atá i ngach céim ná líon áirithe de thíleanna bána agus líon áirithe de thíleanna scáthaithe.



(i) Tarraing an chéad chéim eile den phatrún

(i) I gcéim áirithe den phatrún tá 20 tíl scáthaithe. Cá mhéad tíl bhán atá sa chéim seo den phatrún?

(ii) Sa phatrún seo, an féidir go mbeadh 85 tíl scáthaithe ar an taobh seachtrach? Tabhair minió ar do réasúnú.

(iii) Bain úsáid as focail nó siombailí agus scríobh síos an gaol idir líon na dtíleanna bána agus líon na dtíleanna scáthaithe ag céim ar bith sa phatrún seo. Luaigh go soiléir minió gach siombail a úsáidtear.

**Ceist 3.** Cé acu díobh seo a bhfuil  $2x + 3y + 4x - 2y$  coibhéiseach leis?

(a)  $7x$

(b)  $6x - y$

(c)  $11xy$

(d)  $6x + y$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 4.** Cé acu díobh seo a bhfuil  $36 - 6 \div 2 + 8$  cothrom leis?

- (a) 3                      (b) 23                      (c) 41                      (d) 25

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 5.** Cosnaíonn úlla  $a$  cent an ceann. Cosnaíonn bananaí  $b$  cent an ceann.

Má cheannaím 3 húll agus 2 bhanana, cad dó a seasann  $3a + 2b$ ?

- (a) 3 húll agus 2 bhanana      (b) Iomlán na dtorthaí a cheannaím      (c) Costas iomlán 3 húll agus 2 bhanana

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 6.** Cé acu díobh seo a bhfuil  $3x + 3x$  coibhéiseach leis?

- (a)  $6x^2$                       (b)  $9x$                       (c)  $9x^2$                       (d)  $6x$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 7.** Cé acu díobh seo atá coibhéiseach le  $2(2x - 5)$ ?

- (a)  $4x - 5$                       (b)  $4x - 10$                       (c)  $14x$                       (d)  $2x - 10$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 8.** Cé acu díobh seo atá coibhéiseach le  $y = -4x$ ?

- (a)  $x = \frac{y}{-4}$                       (b)  $x = \frac{y}{4}$                       (c)  $x = y + 4$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 9.** Cé acu díobh seo atá coibhéiseach le  $(x + 3)^2$ ?

- (a)  $x^2 + 3^2$       (b)  $x^2 + 6$       (c)  $x^2 + 6x + 6$       (d)  $x^2 + 6x + 9$       (e)  $x^2 + 9$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 10.** Cé acu díobh seo ar slonn coibhéiseach é le  $\frac{5a+20}{5}$  ?

- (a)  $a + 4$                       (b)  $a + 20$                       (c)  $5a + 4$                       (d)  $a = -4$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 11.** Nuair a shuimítear corruimhir le corruimhir, bíonn an t-iomlán cothrom le? Mínigh cén fáth.

- (a) Corruimhir i gcónaí                      (b) Ré-uimhir i gcónaí  
(c) Corruimhir uaireanta                      (d) Ré-uimhir uaireanta

Taispeáin do mhíniú anseo

**Ceist 12.** Cé acu díobh seo atá coibhéiseach le  $\frac{x}{2} + \frac{x}{3}$  ?

- (a)  $\frac{2x}{5}$                       (b)  $\frac{x^2}{5}$                       (c)  $\frac{5x}{6}$                       (d)  $\frac{2x}{6}$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 13.** Cé acu díobh seo atá fíor, do  $a$  éagothrom le  $b$  agus  $a, b \in R$

- (a)  $a - b = b - a$                       (b)  $a - b = -a + b$                       (c)  $a - b = -1(b - a)$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 14.** Díolann Seán carranna. Tuilleann sé tuarastal bunúsach seachtainiúil de €400 agus gheibheann sé coimisiún freisin de €50 do gach carr a dhíolann sé sa tseachtain. Cad é a thuarastal iomlán seachtainiúil má dhíolann sé  $x$  carr sa tseachtain?

- (a)  $400x + 50$                       (b)  $400 + 50x$                       (c)  $450x$                       (d)  $400$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 15.** Cé acu díobh seo atá cothrom le  $(x^5)^2$  ?

- (a)  $x^{25}$                       (b)  $x^{52}$                       (c)  $x^7$                       (d)  $x^{10}$

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 16.** Cé acu díobh seo atá cothrom le  $5^0$  ? Mínigh cén fáth.

- (a) 1                      (b) 0                      (c) 5                      (d) 50

Taispeáin do mhíniú anseo

**Ceist 17.** Tá clár adhmaid 6 mhéadar ar fad. Gearrtar ina dhá chuid é. Tá píosa amháin  $x$  méadar ar fad. Cad é fad an phíosa eile?

- (a)  $(x - 6)$  méadar    (b) 3 mhéadar    (c) Ní thig liom a rá toisc nach eol dom luach  $x$ .    (d)  $(6 - x)$  méadar

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 18.** Cheannaigh mé peann luaidhe agus marcóir. Chosain an marcóir €1 níos mó ná an peann luaidhe. Chosain an dá earra €1.40 san iomlán. Cad a chosain an peann luaidhe?

- (a) €0.40                      (b) €1.20                      (c) €0.20

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 19.** I gcás na cothromóide  $r = 25 + s$ , cé acu díobh seo atá fíor, do  $s \neq 0$  ?

- (a) Tá  $r$  níos mó ná  $s$     (b) Tá  $s$  níos mó ná  $r$     (c)  $r = 25$     (d) Ní thig liom a rá cé acu is mó.

Taispeáin do chuid oibre anseo

**Ceist 20.** In ospidéal tá 5 oiread banaltraí le dochtúirí. Má ghlacaimid leis go bhfuil  $n$  cothrom le líon na mbanaltraí agus  $d$  cothrom le líon na ndochtúirí, cé acu ceann díobh seo atá ceart?

- (a)  $5n = d$                       (b)  $\frac{n}{d} = 5$                       (c)  $\frac{d}{n} = \frac{5}{1}$                       (d)  $n = 5 + d$

Taispeáin do chuid oibre anseo